48.	Drex Technologies S.A.	Dáta ionchorpraithe: 4.7.2000; Uimhir ionchorpraithe: 394678; Stiúrthóir: Rami Makhoulf; Gníomhaire cláraithe: Mossack Fonseca & Co (BVI) Ltd	Is é Rami Makhoulf, duine atá liostaithe faoi smachtbhannaí an Aontais as tacaíocht airgeadais a thabhairt do réimeas na Siria, úinéir Drex Technologies ina iomláine. Baineann Rami Makhoulf úsáid as Drex Technologies chun a chuid sealúchas airgeadais idirnáisiúnta a éascú agus a bhainistiú, lena n-áirítear sciar tromlaigh in SyriaTel ar comhlacht é a liostaigh an tAontas roimhe seo toisc go dtugann sé tacaíocht airgeadais freisin do réimeas na Siria.	24.7.2012
49.	Cotton Marketing Organisation	Bab Al-Faraj, P.O. Box 729, Aleppo, Syria Teil.: +963 21 2239495/6/7/8; Rphost: Cmo-aleppo@mail.sy; Suíomh gréasáin: www.cmo.gov.sy	Cuideachta faoi úinéireacht stáit. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	24.7.2012
50.	Syrian Arab Airlines (ar a dtugtar freisin SAA, ar a dtugtar freisin Syrian Air)	Al Oumaween Square, P.O. Box 417, Damascus, Syria; Teil: +963 11 2240774	Cuideachta phoiblí faoi rialú réimeas na Siria. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	24.7.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
52.	Megatrade	Aleppo Street, P.O. Box 5966, Damascus, Syria; Facs: +963 11 4471081	Is seach-chuideachta é faoi cheann an Scientific Studies and Research Centre (SSRC), atá liostaithe. Bainteach i dtrádáil le rialtas na Siria in earraí dé-úsáide atá toirmisce the faoi smachtbhannaí an AE .	16.10.2012
53.	Expert Partners	Rukn Addin, Saladin Street, Building 5, P.O. Box: 7006, Damascus, Syria	Is seach-chuideachta é faoi cheann an Scientific Studies and Research Centre (SSRC), atá liostaithe. Bainteach i dtrádáil le rialtas na Siria in earraí dé-úsáide atá toirmisce the faoi smachtbhannaí an AE.	16.10.2012
54.	Overseas Petroleum Trading (ar a dtugtar freisin “Overseas Petroleum Trading SAL (Off-Shore)” “Overseas Petroleum Company”)	Dunant Street, Snoubra Sector, Beirut, Lebanon	Tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as trí loingsiú ola faoi rún a eagrú chuig réimeas na Siria. Faoi rialú Abdelhamid Khamis Abdullah (Cathaoirleach), duine a d’ainmnigh an Chomhairle, agus dá bhrí sin, a bhfuil baint aige leis.	23.7.2014
56.	The Baniyas Refinery Company (ar a dtugtar freisin Baniyas, Banyas)	Baniyas Refinery Building, 26 Latkia Main Road, Tartous, P.O. Box 26, Syria	Fochuideachta de chuid General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	23.7.2014
57.	The Homs Refinery Company (ar a dtugtar freisin Hims, General Company for Homs Refinery)	General Company for Homs Refinery Building, 352 Tripoli Street, Homs, P.O. Box 352, Syria	Fochuideachta de chuid an General Corporation for Refining and Distribution of Petroleum Products (GCRDPP), roinn de chuid Ministry of Petroleum and Mineral Resources. Tugann sé tacaíocht airgeadais don réimeas.	23.7.2014
58.	Army Supply Bureau	P.O. Box 3361, Damascus, Syria	Bainteach le soláthar trealamh mhíleata chun tacú le réimeas na Siria, agus dá bhrí sin, freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigineach. Craobh de Syrian Ministry of Defence.	23.7.2014
59.	Industrial Establishment of Defence (ar a dtugtar freisin an Industrial Establishment of Defense (IED), an Industrial Establishment for Defence, an Defence Factories Establishment, Etablissements Industriels de la Defense (EID), Etablissement Industriel de la Defense (ETINDE), Coefficient Defense Foundation)	Al Thawraa Street, P.O. Box 2330 Damascus, Syria Nó Al-Hameh, Damascus Countryside, P.O. Box 2230, Syria	Bainteach le soláthar trealamh mhíleata chun tacú le réimeas na Siria, agus dá bhrí sin, freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigineach. Craobh de Syrian Ministry of Defence.	23.7.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
60.	Higher Institute for Applied Sciences and Technology (HIAST) (والتكنولوجيا المعهد العالي للعلوم التطبيقية) (ar a dtugtar freisin Institut Supérieur des Sciences Appliquées et de Technologie (ISSAT))	P.O. Box 31983, Barzeh, Syria	Cleamhnaithe le Syrian Scientific Studies and Research Centre (SSRC) a ainmníodh ag an gComhairle cheana féin. Soláthraíonn sé oiliúint agus tacaíocht do SSRC agus dá bhrí sin tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigineach.	23.7.2014
61.	National Standards & Calibration Laboratory (NSCL)	P.O. Box 4470, Damascus, Syria	Cleamhnaithe leis an Syrian Scientific Studies and Research Centre (SSRC) a ainmníodh ag an gComhairle cheana féin. Soláthraíonn sé oiliúint agus tacaíocht do SSRC agus dá bhrí sin tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigineach.	23.7.2014
62.	El Jazireh (ar a dtugtar freisin Al Jazerra)	Shaheen Building, 2nd floor, Sami el Solh, Beirut, Lebanon; Earnáil na hidreacarbón	Faoi úinéireacht nó faoi rialú Ayman Jaber, agus dá bhrí sin nasctha le duine ainmnithe.	23.7.2014
63.	Pangates International Corp Ltd (ar a dtugtar freisin Pangates)	P.O. Box 8177, Sharjah Airport International Free Zone, United Arab Emirates	Gníomhaíonn Pangates mar idirghabhálaí i soláthar ola do réimeas na Siria. Dá bhrí sin tá tacaíocht a tabhairt aige do réimeas na Siria agus tá tairbhe á baint aige as. Tá baint aige freisin leis an gcuideachta ola Siriach, Sytrol, atá liostaithe.	21.10.2014
65.	Organisation for Technological Industries (OTI) (ar a dtugtar freisin an Technical Industries Corporation (TIC))	P.O. Box 11037, Damascus, Syria	Fochuideachta de Syrian Ministry of Defence, a d'ainmnigh an Chomhairle. Tá OTI páirteach i dtáirgeadh arm ceimiceach do réimeas na Siria. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigineach. Tá sé bainteach le heintiteas ainmnithe ós rud é gur fochuideachta den Syrian Ministry of Defence é.	7.3.2015
66.	Syrian Company for Information Technology (SCIT)	P.O. Box 11037, Damascus, Syria	Fochuideachta den Organisation for Technological Industries (OTI) agus dá bhrí sin den Syrian Ministry of Defence, a d'ainmnigh an Chomhairle. Oibríonn sé freisin le Banc Ceannais na Siria a d'ainmnigh an Chomhairle. Tá sé bainteach leis na heintitis ainmnithe sin ós rud é gur fochuideachta de OTI agus den Syrian Ministry of Defence é.	7.3.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
67.	Hamsho Trading (ar a dtugtar freisin Hamsho Group; Hmisho Trading Group; Hmisho Economic Group)	Hamsho Building, 31 Baghdad Street, Damascus, Syria	Fochuideachta de Hamsho International, a d'ainmnigh an Chomhairle. Tá Hamsho Trading bainteach mar sin le heintiteas ainmnithe, Hamsho International. Tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria trína chuid fochuideachtaí, lena n-áirítear Syria Steel. Tá sé bainteach le grúpaí amhail mílístí Shabiha, atá ar son an réimis, trína fhochuideachtaí.	7.3.2015
72.	Rawafed Damascus Private Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Rawafed/Rawafid/Rawafed (Tributary) الرافد Damascus Private Joint Stock Company)	Damascus, Syria	Is comhfhiontar USD 48,3 milliún é Rawafed Damascus Private Joint Stock Company idir Damascus Cham Holding, Ramak Development agus Humanitarian Projects, Al-Ammar LLC, Timeet Trading LLC (ar a dtugtar freisin Ultimate Trading Co. Ltd.), agus Wings Private JSC. Tacaíonn Rawfed le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht, dar taca an réimeas, Marota City.	21.1.2019
73.	Aman Damascus Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Aman Damascus JSC)	Damascus, Syria	Is comhfhiontar USD 18,9 milliún é Aman Damascus Joint Stock Company idir Damascus Cham Holding agus Aman Group. Tacaíonn Aman Damascus le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht, dar taca an réimeas, Marota City.	21.1.2019
74.	Bunyan Damascus Private Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Bunyan Damascus Private JSC)	Damascus, Syria	Is comhfhiontar USD 34,8 milliún é Bunyan Damascus Private Joint Stock Company idir Damascus Cham Holding agus Apex Development agus Projects LLC agus Tamayoz LLC. Tacaíonn Bunyan Damascus Private Joint Stock Company le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht, dar taca an réimeas, Marota City.	21.1.2019
75.	Mirza	Damascus, Syria	Is comhfhiontar USD 52,7 milliún Mirza idir Damascus Cham Holdings agus Talas Group. Tacaíonn Mirza le réimeas na Siria agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht, dar taca an réimeas, Marota City.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
77.	Al Qatarji Company (ar a dtugtar freisin Qatarji International Group; Al-Sham and Al-Darwish Company; Khatirji/Katarji/Katerji Group; مجموعة/شركة (ق) اطرخي)	Cineál eintitis: cuideachta phríobháideach; Earnáil gnó: allmhairiú/onnmhairiú; cuideachta trucaile; ola agus tráchtearraí a sholáthar Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíocht: Hussam al-Qatirij, CEO (arna ainmniú ag an gComhairle) Úinéir tairbhiúil deiridh: Hussam al-Qatirij (arna ainmniú ag an gComhairle) Seoladh cláraithe: Mazzah, Damascus, Syria Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Arvada/Arfada Petroleum Company JSC	Cuideachta mór le rá atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla i ngeilleagar na Siria. Sin trí thrádáil breosla, arm agus armlóin a éascú idir an réimeas agus gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear ISIS (Daesh) faoi scáth earraí bia a allmhairiú agus a onnmhairiú, trí thacú le mílísí atá ag troid i dteannta an réimis agus trí bhuntáiste a bhaint as an gceangal atá aici leis an réimeas chun a gníomhaíochtaí tráchtála féin a leathnú, tacaíonn Al Qatarii Company —dar ceann feadhna an duine ainmnithe Hussam al-Qatarji agus ar comhalta é de Thionól Mhuintir na Siria — le réimeas na Siria agus baineann sí leas as an réimeas sin.	17.2.2020
78.	Damascus Cham Holding Company (ar a dtugtar freisin Damascus Cham Private Joint Stock Company; القابضة (الشام دمشق))	Cineál eintitis: cuideachta atá faoi úinéireacht phoiblí faoin dlí príobháideach Earnáil gnó: forbairt réadmhaoine; Ainm an Stiúrthóra/an Bhainistíocht: Adel Anwar al-Olabi, Leaschathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí agus Gobharnóir ar an Damaisc (arna ainmniú ag an gComhairle) Úinéir tairbhiúil deiridh: Gobharnóireacht na Damaisce Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Rami Makhlouf (arna ainmniú ag an gComhairle); Samer Foz (arna ainmniú ag an gComhairle); Mazen Tarazi (arna ainmniú ag an gComhairle); Talas Group, atá faoi úinéireacht an fhir gnó, Anas Talas (arna ainmniú ag an gComhairle); Khaled al-Zubaidi agus Nader Qalei (arna ainmniú ag an gComhairle)	Ba é an réimeas a bhunaigh Damascus Cham Holding Company, mar ghéag infheistíochta de Ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur chun feidhme —tionscadal réadmhaoine galánta as talamh a díshealbhaíodh uathu siúd a díshealbhaíodh faoi Fhoraithe Uimh. 66 agus Dlí Uimh. 10 go háirithe. Trí bhainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Marota City, tacaíonn Damascus Cham Holding (dar Leaschathaoirleach Gobharnóir na Damaisce) le réimeas na Siria agus baineann sí tairbhe as an réimeas sin agus soláthraíonn sí sochair do lucht gnó a bhfuil dlúthcheangal acu leis an réimeas agus a bhfuil margaí brabúsacha déanta acu leis an eintiteas sin trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.	17.2.2020.”

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/717 ÓN gCOMHAIRLE
an 28 Bealtaine 2020

lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 17(3) de Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 an 10 Márta 2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 17(3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014.
- (2) An 5 Bealtaine 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) arna bhunú de bhun Rún UNSC 2127 (2013) nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le duine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLÍC RADMAN

⁽¹⁾ IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Sa liosta a leanar amach i gCuid A (Daoine) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 224/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála do Martin KOUMTAMADJI :

"13. Martin KOUMTAMADJI (ailias: a) Abdoulaye Miskine b) Abdoulaye Miskine c) Martin Nadingar Koumtamadji d) Martin Nkoumtamadji e) Martin Koumta Madji f) Omar Mahamat)

Ainmniú: Uachtarán agus ardcheannasaí an Front Démocratique du Peuple Centrafricain (FDPC)

Dáta breithe: a) 5 Deireadh Fómhair 1965 b) 3 Márta 1965

Áit bhreithe: a) Ndinaba, Sead b) Kobo, Poblacht na hAfraice Láir (c) Kabo, Poblacht na hAfraice Láir

Náisiúntacht: a) Sead b) Poblacht na hAfraice Láir c) an Congó

Uimhir phas: a) 06FBO2262 (pas taidhleoireachta na hAfraice Láir) a eisíodh an 22 Feabhra 2007, a chuaigh in éag an 21 Feabhra 2012 **b) pas seirbhíse an Chongó SA0020249, a eisíodh an 22 Eanáir 2019, a rachaidh in éag an 21 Eanáir 2022;**

Seoladh: Am Dafock, Vakaga, Poblacht na hAfraice Láir (an suíomh deiridh is eol)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Aibreán 2020

Faisnéis eile: Bhunaigh Martin Koumtamadji FDPC in 2005. Chuaigh sé isteach i gcomhghuaillíocht Séléka i mí na Nollag 2012 sular fhág sé é i mí Aibreáin 2013 tar éis do na reibiliúnaigh teacht i gcumhacht in Bangui. Tar éis é a ghabháil i gCamarún, aistríodh chuig Brazzaville i bPoblacht an Chongó é. Bhí sé i gceannas ar a thrúpaí ar an talamh i bPoblacht na hAfraice Láir i gcónaí, fiú nuair a bhí sé in Brazzaville sular fhll sé ar Phoblacht na hAfraice Láir (idir Samhain 2014 agus 2019). Shínigh FDPC an Comhaontú Polaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir an 6 Feabhra 2019 ach tá Martin Koumtamadji fós ina bhagairt don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don tslándáil i bPoblacht na hAfraice Láir. **Grianghraf ar fáil lena chur sa Fógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe:** <https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals>.

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Agus é ina uachtarán agus ardcheannasaí ar an Front Démocratique du Peuple Centrafricain (FDPC, grúpa armtha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí foréigneacha), bhí Martin Koumatamadji ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuir síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir i mbaol agus, go háirithe, cur chun feidhme an Chomhaontaithe Pholaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas a síníodh in Bangui an 6 Feabhra 2019.

Dhiúltaigh sé do dhí-armáil chomhraiceoirí FDPC, i gcomhréir lena ghealltanais mar shínitheoir ar an gComhaontú Polaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir, agus bhagair sé an tUachtarán Touadéra a chur as oifig i mí Iúil 2019.

Thosaigh sé ag comhoibriú le Nouredine Adam (CFi.002), duine ar cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm air, i mí an Mheithimh 2019 agus bhí sé ag gabháil do gháinneáil arm le dlúthchomhlach de Nouredine Adam, d'fhonn cur le cumais mhíleata FDPC.

Rinne sé tairiscint freisin do Front Populaire pour la Renaissance de la Centifrique (FPRC) oibríocht mhíleata a dhéanamh lena ghrúpa armtha le linn na troda in Vakaga in 2019.

Lean sé de bhac a chur ar athbhunú údarás an stáit i réimsí oibríochta FPDC trí bhloic mhídhleathacha a choinneáil ar bhóithre chun airgead a bhaint le foréigean d'fheirmeoirí eallach, de ghníomhaithe eacnamaíocha (lena n-áirítear cuideachtaí mianadóireachta óir atá ag feidhmiú in Nana-Mambéré), agus de thaistealaithe.

Faoina cheannaireacht, rinne an FDPC gníomhartha in Nana-Mambéré arbh ionann iad agus mí-úsáid nó sárúithe ar chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe a díriodh ar shibhialtaigh i mí Aibreáin 2019, fuadach sibhialtach i mí an Mhárta 2019 (gar do Zoukombo) agus gníomhartha foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe i mí na Bealtaine 2019 (in Bagary). In 2017, rinne FDPC 14 ghníomh foréigin ghnéasaigh i gcoimhlint.

Idir 2016 agus 2019, d'earcaigh FDPC leanaí chun fónamh mar shaighdiúirí i gcoinbhleacht armtha agus chuir siad iallach ar aon chailín déag pósadh le comhaltaí FDPC.

I mí an Mhárta 2019, bhí baint aige le bac a chur ar sheachadadh an chúinimh dhaonnúil nuair a rinne FDPC, faoi cheannaireacht Miskine, sraith ionsaithe ar an bpríomhbhóthar go Bangui ó Chamarún.

Ar deireadh, bhí imruagadh idir gnéithe de FDPC agus MINUSCA i mí Aibreáin 2019 gar do Zoukombo (Nana-Mambéré) agus ar ais Bouar-Beleko.”

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/718 ÓN GCOMHAIRLE

an 28 Bealtaine 2020

lena gceaptar Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ⁽¹⁾, lena mbunaítear agus lena seoltar oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI), faoi cheannas an tSeachaimiréil Fabio AGOSTINI mar Cheannasaí Oibríocht an Aontais Eorpaigh.
- (2) An 30 Aibreán 2020, mhol Ceannasaí Oibríocht an Aontais Eorpaigh gur cheart an Seachaimiréal Ettore SOCCI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI don chéad leath dá bhfuil fágtha de théarma shainordú EUNAVFOR MED IRINI, agus go gceapfaí an Ceannasóir Theodoros MIKROPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI don dara leath dá bhfuil fágtha den téarma sin.
- (3) An 4 Bealtaine 2020, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.
- (4) An 6 Bealtaine 2020, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála leis an moladh sin.
- (5) Ar chúiseanna oibríochtúla, is gá go mbeidh feidhm ag ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 6 Bealtaine 2020.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart an Seachaimiréal Ettore SOCCI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 6 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2020, agus an Ceannasóir Theodoros MIKROPOULOS ón 19 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Márta 2021.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndrúchtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair chosanta. Dá bhrí sin, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Ettore SOCCI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 6 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2020. Leis seo, ceaptar Theodoros MIKROPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 19 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Márta 2021.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Beidh feidhm aige ón 6 Bealtaine 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. GRLÍĆ RADMAN

**CINNEADH (CBES) 2020/719 ÓN gCOMHAIRLE
an 28 Bealtaine 2020**

lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 31 Bealtaine 2013 ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES ⁽¹⁾.
- (2) An 17 Bealtaine 2019 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/806 ⁽²⁾, lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2020.
- (3) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES, chinn an Chomhairle gur cheart síneadh a chur leis na bearta sin go dtí an 1 Meitheamh 2021.
- (4) Ba cheart na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES a thabhairt suas chun dáta agus a leasú.
- (5) Ba cheart cúig iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlíthiúla, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

“*Airteagal 34*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 1 Meitheamh 2021. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Féadfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.”;

- (2) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. GRLÍĆ RADMAN

⁽¹⁾ Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2019/806 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 132, 20.5.2019, lch. 36.).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) I Roinn A (Daoine), scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

26. Major General Qasem Soleimani;

38. Brigadier-General Jamea Jamea;

272. Hayan Kaddour;

273. Maen Rizk Allah Haykal;

(2) I Roinn B (Eintitis), scriostar an iontrál seo a leanas:

76. Developers Private Joint Stock Company;

(3) Cuirtear an méid a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

"IARSCRÍBHINN I

Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 28

A. Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Bashar (بشار) AL-ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 11.9.1965; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. D1903; Inscne: fireann	Uachtarán na Poblachta; duine a údaraíonn an chniogbhear- taíocht ar léirsitheoirí agus a dhéanann maoirseacht uirthi.	23.5.2011
2.	Maher (ماهر) (ar a dtugtar freisin Mahir) AL- ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 8.12.1967; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. 4138; Post: Maorghinearál den 42ú Briogáid agus iar- Cheannasaí Briogáidire do 4ú Rannán Armúrtha an Airm Inscne: fireann	Comhalta de na Syria Armed Forces ar chéim an “Chornail” agus a chomhionann nó níos airde sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011; Maorghinearál an 42ú Briogáid agus iar- Cheannasaí Briogáidire an 4ú Rannán Armúrtha an Airm. Ball de theaghlach Assad; deartháir leis an Uachtarán Bashar al- Assad.	9.5.2011
3.	Ali (علي) MAMLUK (مملوك) (ar a dtugtar freisin Mamlouk)	Dáta breithe: 19.2.1946; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. 983; Inscne: fireann	Stiúrthóir an National Security Bureau. Iar-Cheann an Syrian General Intelligence Directorate bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
4.	Atej (عاطف) (ar a dtugtar freisin Atef, Atif) NAJIB (نجيب) (ar a dtugtar freisin Najeeb)	Áit bhreithe: Jablah, Syria; Inscne: fireann	Iar-Cheann an Political Security Directorate in Dara’a. Bain- teach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí. Ball de theaghlach Assad; col ceathrar leis an Uachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
5.	Hafiz (حافظ) MAKHLOUF (مخلوف) (ar a dtugtar freisin Hafez Makhlof)	Dáta breithe: 2.4.1971; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. 2246; Inscne: fireann	Iar-Chornal agus Ceann Aonaid sa General Intelligence Di- rectorate, Damascus Branch tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ball de theaghlach Makhlof; Col ceathrar an Uachtaráin Bashar al- Assad.	9.5.2011
6.	Muhammad (محمد) Dib (دب) ZAYTUN (زيتون) (ar a dtugtar freisin Mohammed Dib Zei- toun; ar a dtugtar freisin Mohamed Dib Zeitun)	Dáta breithe: 20.5.1951; Áit bhreithe: Jubba, Damascus province, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. D000001300; Inscne: fireann	Stiúrthóir an National Security Bureau ó mhí Iúil 2019 i leith. Iar-Cheann an General Security Directorate; bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
7.	Amjad (أمجد) ABBAS (عباس) (ar a dtugtar freisin al-Abbas)	Inscne: fireann	Iarcheann ar an tslándáil pholaitiúil in Banyas, bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí in Baida. Ardú céime go Cor- nal in 2018.	9.5.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
8.	Rami (رامي) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 10.7.1969; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Uimh. an Phas 00098044; Uimh. eisiúna 002-03-0015187; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil leasanna aige in earnálacha na teileachumarsáide, na seirbhísí airgeadais, an iompair agus na maoin; tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearach agus feidhmiúcháin aige in Syriatel, príomhoibreoir fón póca na Siria, agus i gcistí infheistíochta Al Mashreq, Bena Properties agus Cham Holding. Tugann sé maoiniú agus tacaíocht do réimeas na Siria trína leasanna gnó. Is duine mór le rá é de theaghlach Makhlof agus tá dlúthcheangal aige le teaghlach Assad; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	9.5.2011
9.	Abd Al-Fatah (عبد الفتاح) QUDSIYAH (قذافي)	Dáta breithe: 1953; Áit bhreithe: Hama, Syria; Pas taidhleoireachta Uimh. D0005788; Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim mar mhaorghinearál sna Syrian Armed Forces tar éis mhí na Bealtaine 2011. Leas-Stiúrthóir an National Security Bureau den Pháirtí Ba'ath. IarCheann an Syrian Military Intelligence Directorate. Bain-teach le cur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	9.5.2011
10.	Jamil (جميل) (ar a dtugtar freisin Jameel) HASSAN (حسن) (ar a dtugtar freisin al-Hassan)	Dáta breithe: 7.7.1953; Áit bhreithe: Qusayr, Homs province, Syria; Iar-Cheann an Syrian Air Force Intelligence; Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim mar Mhaorghinearál san Syrian Air Force tar éis mhí na Bealtaine 2011. Iar-Cheann ar an Syrian Air Force Intelligence tar éis mhí na Bealtaine 2011 agus go dtí mí Iúil 2019. Freagrach as cur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	9.5.2011
11.	Mohammad Mouti' MOUAYYAD (ar a dtugtar freisin Mohammad Muti'a Moayyad)	Dáta breithe: 1968; Áit bhreithe: Ariha (Idlib), Syria; Inscne: fireann	An t-iarAire Stáit i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne an réimeas Syria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
12.	Ghazwan Kheir BEK (ar a dtugtar freisin Ghazqan Kheir Bek)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	An t-iar-Aire Iompair i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Bhí sé ina Ardstiúrthóir ar Chalafort Tartous roimhe sin. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois foréigean a rinne an réimeas Syria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
13.	Munzir (منذر) (ar a dtugtar freisin Mundhir, Monzer) Jamil (جميل) AL-ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 1.3.1961; Áit bhreithe: Kerdaha, Latakia Province, Syria; Pasanna Uimh. 86449 agus Uimh. 842781; Inscne: fireann	Bainteach le foréigean in aghaidh an phobail sibhialtach mar chuid den mhílíste Shabiha.	9.5.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
14.	Brigadier General Mohammed BILAL (ar a dtugtar freisin Lieutenant Colonel Muhammad Bilal)	Inscne: fireann	Ina cháil mar oifigeach sinsearach san Air Force Intelligence Service of Syria, tacaíonn sé le réimeas na Siria agus tá sé freagrach as an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach. Tá baint aige freisin leis an Scientific Studies Research Centre (SSRC), eintiteas liostaithe. Ceann phóilíní Tartus ó mhí na Nollag 2018.	21.10.2014
15.	Kamal CHEIKHA (ar a dtugtar freisin Kamal al-Sheikha)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann	An t-iarAire um Acmhainní Uisce i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
16.	Faruq (فَارُوق) (ar a dtugtar freisin Farouq, Farouk) AL SHAR' (الشَّرِيع) (ar a dtugtar freisin Al Char', Al Shara', Al Shara)	Dáta breithe: 10.12.1938; Inscne: fireann	IarLeas-Uachtarán na Siria; bainteach le foréigean i gcoinne an daonra sibhialtach	23.5.2011
17.	Hassan NOURI (ar a dtugtar freisin Hassan al-Nouri)	Dáta breithe: 9.2.1960; Áit bhreithe : Damascus, Syria; Inscne: fireann	An t-iarAire um Fhorbairt Riaracháin i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 (27.8.2014 a ceapadh). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
18.	Mohammed (محمد) HAMCHO (حمشو)	Dáta breithe: 20.5.1966; Pas Uimh. 002954347 Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil leasanna aige in earnálacha na hinnealtóireachta agus na tógála, na meán, an fháilteachais agus na sláinte. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearacha agus feidhmiúcháin aige i roinnt cuideachtaí sa tSiria, go háirithe in Hamsho International, in Hamsho Communication, in Mhg International, Jupiter for Investment and Tourism Project agus Syria Metal Industries. Tá ról tábhachtach aige sa phobal gnó sa tSiria mar ardrúnaí san Damascus Chamber of Commerce (ceaptha ag an Aire Geilleagair ag an am, Khodr Orfali, i mí na Nollag 2014), mar chathaoirleach ar na China-Syria Bilateral Business Councils (ó mhí an Mhárta 2014) agus mar chathaoirleach ar an Syrian Metal and Steel Council (ó mhí na Nollag 2015). Tá dlúthchaidreamh gnó aige le pearsana tábhachtacha de réimeas na Siria, lena n-áirítear Maher al-Assad. Baineann Mohammed Hamcho tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína leasanna gnó, agus tá baint aige le daoine a bhaineann tairbhe as an réimeas agus a thugann tacaíocht don réimeas sin.	27.1.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
19.	Iyad (إياد) (ar a dtugtar freisin Eyad) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 21.1.1973; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas Uimh. N001820740; Inscne: fireann	Ball de theaghlach Makhlof; mac le Mohammed Makhlof, deartháir Hafez Makhlof agus Rami Makhlof agus deartháir Ihab Makhlof; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad. Comhalta de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011. Oifigeach in General Intelligence Directorate a raibh baint aige le foréigean i gcoinne an phobail sibhialtach sa tSiria.	23.5.2011
20.	Bassam (باسم) AL HASSAN (الحسن) (ar a dtugtar freisin Al Hasan)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: Sheen, Homs, Syria; Céim: Maorghinearál; Inscne: fireann	Comhairleoir Uachtaránachta do Ghnóthaí Straitéiseacha; ceann an General Secretariat of the National Defence. Bain-teach le foréigean i gcoinne an phobail sibhialtach.	23.5.2011
22.	Ihab (إيهاب) (ar a dtugtar freisin Ehab, Iehab) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 21.1.1973; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Pas Uimh. N002848852; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria. Is é Ihab Makhlof Leas-Uachtarán Syriatel agus is scairshealbhoir é de Syriatel, príomhoibreoir fón póca na Siria. Tá leasanna gnó aige freisin i roinnt cuideachtaí agus eintiteas eile sa tSiria, lena n-áirítear Ramak Construction Co agus an Syrian International Private University for Science and Technology (SIUST). Mar Leas-Uachtarán Syriatel, a aistríonn cuid shuntasach dá bhrabúis chuig rialtas na Siria trína chonradh ceadúnaithe, ta-caíonn Ihab Makhlof go díreach le réimeas na Siria freisin. Is duine mór le rá é de theaghlach Makhlof agus tá dlúth-cheangal aige le teaghlach Assad; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	23.5.2011
23.	Zoulhima (ذو الهمة) (ar a dtugtar freisin Zu al-Himma) CHALICHE (شاليش) (ar a dtugtar freisin Shalish, Shaleesh) (ar a dtugtar freisin Dhu al-Himma Shalish)	Dáta breithe: 1946 nó 1951 nó 1956; Áit bhreithe: Kerdaha, Syria; Céim: Maorghinearál; Inscne: fireann	Oifigeach de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011; IarCheann ar Shlándáil an Uachtaráin. Comhalta de na Syrian Armed Forces atá ina Mhaorghinearál sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011. Bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí. Ball de theaghlach Assad; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	23.6.2011
24.	Riyad (رياض) CHALICHE (شاليش) (ar a dtugtar freisin Shalish, Shaleesh) (ar a dtugtar freisin Riyadh Shalish)	Feidhm: cathaoirleach Riyadh Isa Development Corporation; Inscne: fireann	IarStiúrthóir an Military Housing Establishment; soláthraíonn sé cistiú do réimeas na Siria; col ceathrar an Uachtaráin Bashar al-Assad.	23.6.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
25.	Brigadier Commander Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Ali (علي) JAFARI (جعفري) (ar a dtugtar freisin Jaafari, Ja'fari, Aziz; ar a dtugtar freisin Jafari, Ali; ar a dtugtar freisin Jafari, Mohammad Ali; ar a dtugtar freisin Ja'fari, Mohammad Ali; ar a dtugtar freisin Jafari-Naja-fabadi, Mohammad Ali)	Dáta breithe: 1.9.1957; Áit bhreithe: Yazd, Iran; Inscne: fireann	Ceann an “Baqiyat Allah”, eagraíocht chultúrtha Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí. Ceannasaí Ginearálta Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí go dtí 21.4.2019, agus baint aige le soláthar trealaimh agus tacaíochta a chuidíonn le réimeas na Siria agóidí a chur faoi chois sa tSiria.	23.6.2011
27.	Hossein (حسين) TAEB (طائب) (ar a dtugtar freisin Taeb, Hassan; ar a dtugtar freisin Taeb, Hosein; ar a dtugtar freisin Taeb, Hossein; ar a dtugtar freisin Taeb, Hussayn; ar a dtugtar freisin Hojja-toleslam Hossein Ta'eb)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Tehran, Iran; Inscne: fireann.	Stiúrthóir Sheirbhís Faisnéise Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí. IarCheannasaí Ginearálta Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí, agus baint aige le soláthar trealaimh agus tacaíochta a chuidíonn le réimeas na Siria agóidí a chur faoi chois sa tSiria.	23.6.2011
28.	Khalid (خالد) (ar a dtugtar freisin Khaled) QADDUR (قادر) (ar a dtugtar freisin Qadour, Qaddour, Kaddour)	Inscne: fireann.	Mórphearsa ggnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnáil na teileachumarsáide agus i dtionscail na hola agus an phlaistigh agus a bhfuil dlúthchaidreamh gnó aige le Maher al-Assad. Baineann sé tairbhe as réimeas na Siria agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó. Comhlach Maher al-Assad, lena n-áirítear trína chuid gníomhaíochtaí gnó.	27.1.2015
29.	Ra'if (ريف) AL-QUWATLY (قواتلي) (ar a dtugtar freisin Ri'af al-Quwatli ar a dtugtar freisin Raef al-Kouatly)	Dáta breithe: 3.2.1967; Áit bhreithe: Damascus, Syria; Inscne: fireann.	Comhlach gnó Maher al-Assad agus é freagrach as roinnt dá leasanna gnó a bhainistiú; soláthraíonn sé cistiú don réimeas.	23.6.2011
30.	Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed) MUFLEH (مفلح) (ar a dtugtar freisin Muflih)	Inscne: fireann.	Ceann ar an Syrian Military Intelligence i mbaile Hama, agus baint aige leis an gcniobheartaíocht ar léirsitheoirí.	1.8.2011
31.	Major General Tawfiq (توفيق) (ar a dtugtar freisin Tawfik) YOUNES (يونس) (ar a dtugtar freisin Yunes)	Inscne: fireann	IarCheann an Department for Internal Security of the General Intelligence Directorate; bainteach le foréigean in aghaidh an phobail sibhialtach.	1.8.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
32.	Mr Mohammed (محمّد) MAKHLOUF (مخلوف) (ar a dtugtar freisin Abu Rami)	Dáta breithe: 19.10.1932; Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	Ball údarásach i dteaghlach Makhlouf; comhlach gnó agus at-hair Rami, Ihab agus Iyad Makhlouf. Dlúthbhaint aige le teaghlach Assad agus deartháir máthar Bashar agus Maher al-Assad. Ar a dtugtar freisin Abu Rami. Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige agus/nó gníomhaíochtaí aige in iliomad earnálacha de gheilleagar na Siria, lena n-áirítear leasanna san General Organisation of Tobacco agus in earnálachaola agus gáis, na n-arm agus na baincéireachta. Bainteach i ndéileálacha gnó do réimeas Assad i soláthar arm agus i mbaincéireacht. I bhfianaise fhairsinge a ghnó agus a nasc polaitiúil leis an réimeas, tugann sé tacaíocht do réimeas na Siria agus baineann sé tairbhe as.	1.8.2011
33.	Ayman (أيمن) JABIR (جابر) (ar a dtugtar freisin Aiman Jaber)	Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus a bhfuil baint aige leis na hearnálacha cruach, meán, earraí inchaite agus ola, lena n-áirítear trádáil na n-earraí sin. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist feidhmiúcháin shinsearacha aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria, go háirithe Al Jazira (ar a dtugtar freisin Al Jazerra; El Jazireh), Dunia TV, agus Sama Satellite Channel. Trína chuideachta Al Jazira, d'éascaigh Ayman Jaber ola a allmhairiú ó Overseas Petroleum Trading chuig an tSiria. Tacaíonn Ayman Jaber leis i gCúige Idlib, agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína chuid gníomhaíochtaí gnó. Cuireann sé tacaíocht ar fáil go díreach do ghníomhaíochtaí mílístí atá cleamhnaithe le réimeas ar a dtugtar Shabiha agus/nó Suqur as-Sahraa, agus tá príomhról aige sna gníomhaíochtaí sin. Comhlach Rami Makhlouf trína ghníomhaíochtaí gnó agus comhlach Maher al-Assad trína ról i mílístí atá cleamhnaithe leis an réimeas.	27.1.2015
34.	Hayel (هايل) AL-ASSAD (الأسد) (ar a dtugtar freisin Hael al-Asad (هائل الأسد))	Inscne: fireann	Cúntóir do Maher al-Assad, Ceann aonad póilíneachta míleata 4ú rannán an airm, a bhfuil baint aige leis an gcur faoi chois.	23.8.2011
35.	Ali (علي) AL-SALIM (السليم) (ar a dtugtar freisin al-Saleem)	Inscne: fireann	Stiúrthóir ar oifig soláthair an Syrian Ministry of Defence, pointe iontrála do na hairm go léir a fhaigheann arm na Siria.	23.8.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
36.	Nizar (نزار) AL-ASSAD (الأسد) (ar a dtugtar freisin al-Asad; Assad; Asad)	Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil dlúthbhaint aige leis an réimeas. Col ceathrar le Bashar al-Assad, agus bainteach le teaghlach Assad agus Makhlouf. Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria. Mórinfheisteoirí ola é, agus bhí sé ina cheann ar chuideachta “Nizar Oilfield Supplies” roimhe seo.	23.8.2011
37.	Major General Rafiq (رافيق) (ar a dtugtar freisin Rafeeq) SHAHADAH (شهادة) (ar a dtugtar freisin Shahada, Shahade, Shahadeh, Chahada, Chahade, Chahadeh, Chahada)	Dáta breithe: 1956; Áit bhreithe: Jablah, Latakia Province, Syria; Inscne: fireann	Comhalta de na Syrian Armed Forces atá ina Mhaorghinearál sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011. IarCheann an Syrian Military Intelligence (SMI), Craobh 293 (Internal Affairs), sa Damaisc. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach sa Damaisc. Comhairleoir don Uachtarán Bashar al-Assad maidir le ceisteanna straitéiseacha agus faisnéis mhíleata.	23.8.2011
40.	Muhammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) Said (سعيد) (ar a dtugtar freisin Sa'id, Sa'eed, Saeed) BUKHAYTAN (بخيتان)	Inscne: fireann	Rúnaí Réigiúnach Cúnta an Ba'ath Arab Socialist Party ó 2005 i leith, 2000-2005 Stiúrthóir ar shlándáil náisiúnta an pháirtí réigiúnaigh Baath. IarRialtóir Hama (1998-2000). Dlúthchomhlach an Uachtaráin Bashar al-Assad agus Maher al-Assad. Cinnteoir sinsearach sa réimeas maidir leis an bpobal sibhialtach a chur faoi chois.	23.8.2011
41.	Ali (علي) DOUBA (دوبا)	Dáta breithe: 1933; Áit bhreithe: Karfis, Syria; Inscne: fireann	Comhairleoir Speisialta don Uachtarán al-Assad. Ina cháil mar Chomhairleoir Speisialta, glacann sé páirt i réimeas na Siria, baineann sé tairbhe as, agus tacaíonn sé leis. Bhí sé bainteach le cur faoi chois foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	23.8.2011
42.	Brigadier-General Nawful (نوفل) (ar a dtugtar freisin Nawfal, Nofal, Nawfel) AL-HUSAYN (الحسين) (ar a dtugtar freisin al-Hussain, al-Hussein)	Inscne: fireann	Ceann craoibhe an Syrian Military Intelligence (SMI) in Idlib. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois foréignach ar an bpobal sibhialtach i gCúige Idlib.	23.8.2011
43.	Brigadier Husam (حسام) SUKKAR (سكرك)	Inscne: fireann	Comhairleoir Uachtaránachta maidir le Gnóthaí Slándála. Ina cháil mar Chomhairleoir Uachtaránachta, agus freagracht air maidir le foréigean na ngníomhaireachtaí agus as an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach in Siria.	23.8.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
44.	Brigadier-General Muhammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhamad) ZAMRINI (زمروني) (ar a dtugtar freisin Zamreni)	Inscne: fireann	Ceann craoibhe an Syrian Military Intelligence (SMI) in Homs. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois foréigineach ar an bpobal sibhialtach in Homs.	23.8.2011
45.	Munir (منير) (ar a dtugtar freisin Mounir, Mouneer, Monir, Moneer, Muneer) ADANOV (ادنوف) (ar a dtugtar freisin Adnuf, Adanof)	Dáta breithe: 1951 Áit bhreithe: Homs, Syria; Pas Uimh. 0000092405; Suíomh: Deputy Chief of General Staff, Operations and Training, Syrian Army; Céim: Lieutenant-General, Syrian Arab Army; Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim an Leifteanantghinearál agus an Leas-Cheann Foirne Ginearálta, Oibríochtaí agus Oilúint d'Arm na Siria i bpost tar éis mhí na Bealtaine 2011. Ina cháil mar Leas-Cheann Foirne Ginearálta, bhí baint go díreach aige leis an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	23.8.2011
46.	Brigadier-General Ghassan (غسان) KHALIL (خليل) (ar a dtugtar freisin Khaleel)	Inscne: fireann	Ceann an General Intelligence Directorate's (GID) Information Branch. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	23.8.2011
47.	Mohammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohamed) JABIR (جابر) (ar a dtugtar freisin Jaber)	Áit bhreithe: Latakia, Syria; Inscne: fireann	Mílíste Shabiha. Comhlach Maher al-Assad don mhílíste Shabiha. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois le foréigean ar an bpobal sibhialtach agus le comhordú ghrúpaí mílíste Shabiha.	23.8.2011
48.	Samir (سامير) HASSAN (حسن)	Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus/nó ag a bhfuil leasanna agus gníomhaíochtaí san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige agus/nó tá tionchar suntasach aige in Amir Group agus in Cham Holding, dhá ilchuideachta a bhfuil leasanna acu in earnálacha na réadmhaoine, na turasóireachta, an iompair agus an airgeadais. Ó mhí an Mhárta 2014 go dtí mí Mheán Fómhair 2018, bhí sé ina Chathaoirleach ar na Bilateral Business Councils don Rúis tar éis don Aire Geilleagair, Khodr Orfali, é a cheapadh. Tacaíonn Samir Hassan le hiarrachtaí cogaidh réimeas na Siria trí thabhartais airgid. Tá baint ag Samir Hassan le daoine a bhaineann tairbhe as an réimeas nó a thacaíonn leis. Go háirithe, tá baint aige le Rami Makhlouf agus Issam Anbouba, atá ainmnithe ag an gComhairle agus a bhaineann tairbhe as réimeas na Siria.	27.9.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
49.	Fares (فارس) CHEHABI (شهابي) (ar a dtugtar freisin Fares Shihabi; Fares Chihabi)	Mac le hAhmad Chehabi; Dáta breithe: 7.5.1972; Inscne: fireann	Uachtarán Aleppo Chamber of Industry; Cathaoirleach Federation of Chambers of Industry ó 16.12.2018 i leith. Leaschathaoirleach Cham Holding. Tacaíocht eacnamaíoch a chur ar fáil do réimeas na Siria. Feisire de Pharlaimint na Siria ó 2016 i leith.	2.9.2011
50.	Tarif (طارف) AKHRAS (أخضر) (ar a dtugtar freisin Al Akhras (الأخضر))	Dáta breithe: 2.6.1951; Áit bhreithe: Homs, Syria; Pasuimhir Shiriach 0000092405; Inscne: fireann	Fear gnó iomráiteach atá ag baint leas as réimeas na Siria agus atá ag tacú leis. Bunaitheoir Akhras Group (tráchtarraí, trádáil, próiseáil agus lóistíocht) agus iar-Chathaoirleach Homs Chamber of Commerce. Dlúthchaidreamh gnó le teaghlach an Uachtaráin Bashar al-Assad. Comhalta den Board of the Federation of Syrian Chambers of Commerce. Tacaíocht lóistíochta tugtha don réimeas (busanna agus iompróirí tancanna).	2.9.2011
51.	Issam (إسماعيل) ANBOUBA (أنبوبا)	Uachtarán Anboubá for Agricultural Industries Co.; Dáta breithe: 1952; Áit bhreithe: Homs, Syria; Inscne: fireann	Tacaíocht airgeadais a sholáthar don ghaireas diansmachtúil agus do na grúpaí paraimíleata a dhéanann foréigean i gcoinne an phobail sibhialtach sa tSiria. Maoin a sholáthar (áitribh, stórais) le haghaidh lárionaid choinneála sheiftithe. Caidreamh airgeadais le hardoifigigh de chuid na Siria. Comhbhunaitheoir agus comhalta de bhord Cham Holding.	2.9.2011
